## Céad Míle Fáilte Romhat


Céad míle fáilte romhat, a Íosa , a Íosa,
Céad míle fáilte romhat, a Íosa .
Céad míle fáilte romhat, a Shlánaitheoir,
Céad míle míle fáilte romhat,
'Íosa, a Íosa.

Glóir agus moladh dhuit, a Íosa, a Íosa,
Glóir agus moladh dhuit, a Íosa.
Glóir agus moladh dhuit, a Shlánaitheoir,
Glóir moladh agus buíochas dhuit,
'Íosa , a Íosa.

## Naomh Uinseann de Pól

**7ú & 8ú Nollaig**
ar mhaithe le Comhdháil Naomh Uinseann de Pól, Comhdháil Mhic Dara.

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht.**




**Toradh 50/50 Coiste na Minna**
**02/12/2024**

Buaiteoir don €1,260.00
Coilín Dan Derrartha Beag
Ceathrú Rua

Duais an Dioltóra do €50.00
Oifig an Phoist , Casla

**Coiste €1,260.00**

## Aifrinn na Nollag sa bParóiste

***Cill Treasa, Ros a' Mhíl***
Oíche Nollag 6.00pm

***Cill Éinde, An Spidéal***
Oíche Nollag 4.00pm
Lá Nollag, 11.00am

***Cill Mhuire, Na Minna***
9.30am

**Faoistin sa mBosca don Nollaig i gCill Éinde**
**Ón 6.00 i.n.–7.00 i.n**
**Dé Máirt 17/12/2024**




**FÓGRA**
Tá Scoil Éinne ag glacadh le h-iarratais chlárúcháin don scoil bhliain 2025-2026.
Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: https:/scoileinne.nead.ie/faoi "Polasaithe Scoile".

## Seirbhís Charúl na Nollag curtha i láthair agScoil Éinne

**i gCill Éinde**
**Déardaoin 12 Nollag 2024**
**@ 7.00 pm**





# Paróiste An Spidéil
## Domhnach 2 den Aidbhint C
## 8ú Nollaig 2024

An tAth. Daniel Gallagher
www.cilleinde.ie
**Uaireanta Oifige:** Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00rn –2.00in Oifig: 083 8126745 *Rí-omhphost:* cilleinde@outlook.ie

| | | | ***Aifrinn & Intinní na Seachtaine*** |
|---|---|---|---|
| | | ⌖ | **CILL ÉINDE, AN SPIDÉAL** |
| Dé Domhnaigh | 8ú | 11:00r.n<br>. | Seán Mac Fhlannadha *Sidheán*<br>Cáit Connell **Céad Cuimhneacháin** *Bothúna*<br>Frank & Mary Kelly a iníon Mary and fear céile Coilín O'Donnell *Baile Liam/Cnocán Glas*<br>Máirtín & Máire Standún *Baile an tSagart* |
| Dé Luain | 9ú | 11.00r.n | *Missa Pro Populo* |
| Dé hAoine | 13ú | 10.00r.n | |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 11.00r.n. | Peadar & Sarah Uí Choncubhair *Bothúna*<br>Bridie Curran *Sailethúna*<br>Seán Ó Fhéinneadha & a bhean Máire *Páirc Thiar*<br>Peigín Keady & a mhuintir *Sailethúna*<br>Séamus Ó hEidhin *Baile Liam* |
| | | ⌖ | **CILL TREASA, ROS A' MAIL** |
| Dé Sathairn | 7ú | 6.30i.n.<br>. | Máire Treasa Seoighe, a athair Tom, máthair Nan & a nia Aenghus Breathnach *Ros a'Mhíl* |
| Dé Sathairn | 14ú | 6.30i.n | *Missa Pro Populo* |
| | | ⌖ | **CILL MHUIRE, NA MINNA** |
| Dé Domhnaigh | 8ú | 9.30r.n. | Mairtín Stiofán Mac Donnadha **3ú Cuimneacháin**<br>*Minna.* |
| Dé Domhnaigh | 15ú | 9.30r.n. | Bairbre & Pádraig Ó Máille & a dhá mhac Colm & Seán agus Tomás Ó Máille *Minna* |

**An Dara Domhnach den Aidbhint**

**Loinneog don Iontróid –** Ís 30:19-30
A mhuintir Shíón, féach, tá an Tiarna ag teacht chun na ciníocha a fhuascailt agus tabharfaidh sé a ghuth glórmhar le cloisteáil i ngliondar ar bhur gcroí.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,
agus daoibhse a bhráithre,
gur pheacaigh mé go trom,
le smaoineamh agus le briathar,
le gníomh agus le faillí,
trí mo choir féin, trí mo choir féin,
trí mo mhórchoir féin.
Ar an ábhar sin,
impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,
ar na hAingil agus ar na Naoimh,
agus oraibhse, a bhráithre,
guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

**Urnaí**
Corraigh croíthe d'fhíréan, impímid ort, a Dhia uilechumhachtaigh. Bíodh fonn orthu dul in airicis Chríost d'Ungthach ag teacht dó agus iad ag iompar a ndea-oibreacha; tuillidís ionad dlúth lena dheasláimh i ríocht na bhflaitheas. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost do mhac a mhaireann agus a rialaíonn leatsa, mar aon leis an Spiorad Naomh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

**An Chomhurnaí**
A Dhia uilechumhachtaigh na trócaire, ná cuireadh riachtanais ár saothair shaolta aon bhac orainn agus muid ag brostú in airicis do Mhic; ach trí thuiscint ar an eagna neamhaí go gcuirtear muid i gcumann leis. Eisean a mhaireann agus a rialaíonn leatsa in aontacht an Spioraid Naoimh, ina Dhia, trí shaol na saol. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht** (*Bar. 5:1-9*)
*Sliocht as leabhar Barúch fáidh*
Bain díot éide an bhróin is na hanacra, a Iarúsailéim, cuir ort áilleacht ghlóir Dé go deo, cuir umat clóca fhíréantacht Dé, cuir coróin ghlóir Dé shíoraí ar do cheann; mar taispeánfaidh Dia do niamhracht do gach náisiún faoin spéir, mar is é an t-ainm a thabharfaidh Dia ort go deo 'Síocháin na fíréantachta agus glóir na dílseachta.' Éirigh, a Iarúsailéim, seas amach ar na harda, breathnaigh i dtreo an oirthir: féach do chlann mhac bailithe le chéile arís ó éirí go luí na gréine ar ordú an Neach Naofa, agus lúcháir orthu gur chuimhnigh Dia orthu. D'imigh said uait de shiúl na gcos agus a naimhde á seoladh; seolann Dia ar ais chugat anois iad agus iad á n-iompar faoi ghlóir mar chathaoir ríoga. Óir d'ordaigh Dia na cnoic shíoraí agus gach ardshliabh a ísliú, agus na gleannta a líonadh isteach chun talamh réidh a dhéanamh chun go mbeadh Isráél in ann siúl slán sábhailte faoi ghlóir Dé. Agus ar ordú Dé tabharfaidh na coillte agus gach crann cumhra scáth d'Isráél, óir treoireoidh Dia Isráél faoi lúcháir le solas a ghlóire agus a thrócaire is a fhíréantacht á dtionlacan.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** (Sm 125)

*Fr: Rinne an Tiarna éachtaí dúinn:
táimid go lúcháireach.*

1. Nuair a thug an Tiarna príosúnaigh Shíon abhaile
ba chosúil sinn le daoine ag brionglóidigh.
Ansin líonadh ár mbéal le gáire,
agus ár dteanga le gairdeas. *(Fr)*

2. Ansin bhíothas á rá i measc na gciníocha:
'Rinne an Tiarna éachtaí.'
Rinne an Tiarna éachtaí dúinn:
táimid go lúcháireach. *(Fr)*

3. Cuir sonas orainn arís, a Thiarna,
ar nós sruthanna san fhásach ó dheas.
An mhuintir a chuireann síol le deora,
bainfidh siad an fómhar le gairdeas. *(Fr)*

4. Ag imeacht dóibh imíonn siad ag sileadh na ndeor,
agus iad ag iompar síl chun a scaipthe;
ag teacht dóibh tiocfaidh siad le gairdeas
agus a bpunanna á n-iompar acu. *(Fr)*

**An Dara Léacht** (*Filipigh 1:4-6, 8-11*)
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Filipigh*
A bhráithre, gach uair a bhím ag guí déanaim guí oraibh uile go lúcháireach, mar gheall ar an bpáirt a bhí agaibh i leathadh an Dea-Scéil ón gcéad lá riamh go dtí inniu. Agus táim cinnte den méid seo: an té úd a thosaigh an dea-obair i bhur measc go leanfaidh sé á cur i gcrích go dtí Lá Íosa Críost. Tá a fhios ag Dia go bhfuilim ag tnúth libh le cion Íosa Críost féin. Is é mo ghuí go rachaidh bhur ngrá dá chéile i méid agus i méid le barr eolais agus tuisceana, sa tslí go mbeidh meas agaibh ar na nithe is fiúntaí. Guím freisin go mbeidh sibh glan gan locht i gcomhair Lá Chríost agus go mbeidh sibh lán den ionracas a thagann trí Íosa Críost chun moladh agus glóir Dé.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
Ullmhaígí bóthar an Tiarna, déanaigí díreach a chosáin. Agus feicfidh an uile cholainn slánú Dé.
**Alleluia!**

**Soiscéal** (Lúcás 3:1-6)
*Go raibh an Tiarna libh.* **Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Lúcás*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Sa chúigiú bliain déag de réimeas Thiberias Céasar, nuair a bhí Point Pioláit ina ghobharnóir ar Iúdáia, agus Héaród ina rí cúige ar an nGailíl, agus Pilib a dheartháir ina rí cúige ar cheantar Iotúráia agus Treachóinítis, agus Lusáinias ina rí cúige ar Aibiléiné, faoi ardsagartacht Annas agus Cháifias, tháinig briathar Dé chun Eoin mac Zachárias san fhásach. Agus ghabh sé ar fud na tíre go léir timpeall na Iordáine ag fógairt bhaiste aithrí chun peacaí a mhaitheamh: mar atá scríofa i leabhar ráite Ísáia fáidh:
'Glór duine ag éamh san fhásach: "Ullmhaígí bóthar an Tiarna, déanaigí díreach a chosáin. Líonfar gach cumar, agus ísleofar gach sliabh agus cnocán; déanfar na camshlite díreach agus na bóithre anacra réidh, agus feicfidh an uile cholainn slánú Dé".'
*Soiscéal an Tiarna.* **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré:***
**Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.
Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna,
agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é
i mbroinn na Maighdine Muire
agus ghlac sé nádúr daonna. Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.
Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.
Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.
Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**
*Liotúirge na hEocairiste*

**Os Cionn na nOfrálacha**
Glac na bronntanais seo, a ofrálaimid duit, a Thiarna, as flúirse d'fhéile féin. Is éachtach an freagra a thugann tú ar ár ndúthracht ar talamh. Go raibh an slánú ar neamh chomh maith mar luach saothair againn. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**
***Rúndiamhair an chreidimh.***
**Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraimid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.**

**Iarchomaoineach**
A Thiarna, leis na rúndiamhra seo a cheiliúramar múineann tú dúinn, ar ár n-aistear trí bhláth díomuan an tsaoil seo, grá a thabhairt dá bhfuil ar neamh agus clóí le nithe buana. Go dté na rúndiamhra céanna seo chun sochair dúinn. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**
*Deasghnáth Deiridh*

Go raibh an Tiarna libh. **Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**
Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha. **Buíochas le Dia.**

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidirín gach Domhnach @ 5.00i.n.**
***Fáilte roimh chuile dhuine.***